

Shelton Abbey Visiting Committee Annual Report 2012

Shelton Abbey Visiting Committee have pleasure in presenting their report for the year 2012.

The Visiting Committee played an active role in the life of the Centre and met on 12 occasions during the course of the year under the Chairmanship of Mr. Thomas Gregan. Mr Gregan as chairman attended Chairperson meetings in various other prisons throughout the year. Members were facilitated in regard to their meetings and regular visits. No offenders made requests to see the Visiting Committee during the course of the year. There are only 4 Members on the committee and we need a minimum of 3 members to form a quorum. The chairman has requested more members for the committee.

Addiction Counsellor

The Addiction Counsellor continues to prove highly effective in terms of linking in with offenders who are committed here with Addiction issues.

Catering

Training continued for both our Catering staff and offenders. A total of 13 offenders were employed daily in our kitchen and were heavily involved in food preparation, records, cleaning, serving etc. An external audit of our catering services was carried out in July and a very positive result was attained in that the Kitchen retained its Q Mark status.

Chaplaincy

Spiritual Care to offenders during the year was provided by Sr Pat Egan, who attended the Centre for 3 days per week in addition to Sunday mornings. Sunday Service was facilitated by Fr Crossan.

Avoca House

Avoca House continues to operate in a manner which promotes the ethos of Shelton Abbey. Offenders graduate to the single cell, ensuite accommodation from the main House in most instances. There are however, allowances' made for special case offenders who will transfer directly into Avoca house from the transferring prison. Examples of this category of offender would be an offender serving Life, other long term offenders.

Bothár:

Shelton Abbey once again provided the quarantine for the goats for Bothár in 2012. 300 goats from the Republic and Northern Ireland arrived in Shelton Abbey between 18/10/2011 and the 20/10/2011. All care for the goats is done by the inmates working on the farm and under the supervision of vets from the department of agriculture who come and inspect the goats and supervise the goats being loaded when they are being exported. The 300 goats were exported on the 17/11/2011 when they left Shelton Abbey and started their 85 hour trip to Uganda. The firstly travel by road to Rosslare and then sailed to France where they are unloaded in a liarge centre for 48 hours. They are then reloaded and travel by road to Amsterdam Airport where they are loaded into crates of 50 and put as part of cargo onto a plane for the eight hour flight to Uganda.


21 calves were received on to the farm in March of 2011. These are currently being cared for here by the inmates and will be put in calf to a Friesian Bull from June onwards and will be exported in October. On the 27/10/2011 20 in calf heifers were exported to an orphanage in Romania. On the 12/10/2011 we had a Bothár open day where the farmers who donated the calves are invited back to view their heifer before they are exported. We were honored to have the Doctor from the receiving orphanage in Romania to be present to accept the Heifers and it was great to hear first hand the difference the Shelton Heifers were going to make to the lives of so many there.

Bedding Plants:

Bedding plants were brought into the poly tunnel on weeks 9, 11, 13, and 17. Inmates planted up all bedding plants and looked after the plants in poly tunnel by watering, fertilizing and hardening off the plants before sale. The bedding plants were sold to Mountjoy, Arbour Hill, Douchas centre, St. Patricks, and Cloverhill Prisons. Some local charities also received a donation of flowers on behalf of the Governor. Winter bedding plants were also brought into the poly tunnel in September and the Dublin Prisons was supplied with their winter bedding requirements.

Offenders Statistics

212 offenders transferred into Shelton Abbey in 2012. An increase of bed capacity to 115 from 01.10.12. There were 24 offenders absconded from Shelton Abbey in 2012 as opposed to 45 in 2011. See attached Chart



A total of 8 offenders gained external employment locally on a Daily Temporary Release basis. Another 6 were employment locally on a part-time/ seasonal basis.

Educational Activities in 2012

Educational Services were provided by the equivalent of 7.4 wholetime teachers.

The Education centre operated in the usual academic calendar in addition to a Summer programme conducted during the months of June and July. Classes were time tabled from 9.30 – 12.30, 2.15 – 4.15, and in addition, evening classes were conducted from 4.30 – 6.30/7.30 each evening Monday to Thursday..

The total number of offenders enrolled for education courses in 2012 was 234.

Title of programme:	Throughput in 2012:	Comments:
Anger management	14	Referrals from Probation services etc
Adult Guidance & Counselling	69	Education Course
Pre Release summer programme	5	Education Course
ESOL Programme	11	English classes for non national students
ABE	41	Basic education (Literacy 1-1, small groups)
Open University.Courses followed;	4	2 completed, 2 sent back to other prisons
Day release to College courses	1	1 ongoing

Vocational Training in 2012

Course Title	Throughput	Accredited
Fork-lift Training	4	4
Driver Theory Test	41	14 Yes
Full Driving Licence	3 (Truck) 2 (car)	Yes

Outdoor Pursuits

A group of 16 offenders, attended Arklow Leisure Centre for swimming courses accompanied the P.E. teachers and a Officer. Two regular soccer sessions were timetabled per week, coached by the P.E.teacher, Gym Officer and FAI coach.

Weekly forest walks took place on Friday afternoons. In June and July a group of 14 offenders went Hill-walking on three occasions, accompanied by an Officer and two P.E. Teachers. Tennis and Volleyball was played, with a successful “Shelton Tennis Tournament” bringing the summer P.E. programme to a conclusion.

Fetac Accreditation 2012

<u>Course Title</u>	<u>Ref</u>	<u>Level</u>	<u>June</u>	<u>Nov</u>
Computer Aided Draughting	A20012	5	6	1
Start Your Own Business	B20153	5	2	5
Communications	G20001	5	3	-
Occupational First Aid	D20188	5	8	-
Woodcraft	A10203	4	9	1
Health Related Fitness	D10123	4	8	-
Computer Applications	B10009	4	4	4
Mathematics	C10139	4	1	-
Communications	G10001	4	-	2
Drawing Techniques	3N0581	3	11	-
Mathematics	3N0929	3	-	3
Total			52	16

Other certified Courses completed		Certification achieved
F.S.A.I. (Food Safety Authority)	Induction Training	18
Leaving Cert. exams completed	History	2
E.C.D.L.	4+ modules completed	3
E.C.D.L. Computer Courses	Full Cert completed	5

Summer Projects;

The summer **Woodsculpture project** for this year was completed in July by all ten students on this course with our Woodsculpture teacher. Individuals designed and completed relief carving projects.

Community Based Health and First Aid (CBHFA)

Community-based health and first aid (CBHFA) is the Red Cross and Red Crescent's approach to empowering communities and volunteers worldwide to take charge of their health.

CBHFA in Prisons is a programme developed by the Irish Red Cross, and is implemented in a number of Irish Prisons as a partnership between the Irish Red Cross, VEC and IPS.

2012 was the third year of the CBHFA in Shelton Abbey, and the (prisoner) volunteers in conjunction with the rest of their community, initiated many new projects. Some highlights of the year included:

- Introduction of a recycling programme
- Adapting to a new environment group, (in conjunction with councillors) for new committals.
- Induction booklet for new committals
- Hygiene awareness campaigns in toilets, showers and gym.
- Irish Red Cross Newsletter.
- Shelton Abbey IRC volunteers participation in the "Presentation of the CBHFA Prison Programme to International Red Cross Delegates in October 2012 at Wheatfield Prison.
- Christmas Party for the local Active Retirement Group

Health Care

The needs of offenders were well catered for during the year and there were no incidents which gave rise to concerns. A local Doctor attends on 5 mornings per week for a two hour period. Outside of these times, the Doctor will attend if required in an emergency type situation. The dental and optical needs of offenders are catered for by appointment in Arklow

town. There is a Health Care Staffing compliment of two Nurse Officers rostered back to back from 8am to 8pm, 7 days per week.

Library

The Library is open 10 hours per week as follows

Tuesday 10.00 am -12.00pm

Wednesday 10am-12.00pm

Thursday 9.30am 10.30am, 11.00am-12.00pm and 5.00pm-7.00pm

Friday 5.00pm-7.00pm.

Psychology

There is no fulltime Psychologist since we lost our last Psychologist in October 2010, we have depend on other Psychologists coming here from other Prisons as the need arises.

Probation Service

Our Probation Service continued to operate on a five day week by . The Probation Service provided a full service to all our offenders during the year in addition to playing an active role in multi - disciplinary working and in partnership with the other services delivering rehabilitation programmes and initiatives to offenders.

Other Services

Security

CCTV and Alarmed External Doors continue to provide added assistance in providing security within Shelton Abbey. The Security Screening Booth at the entrance to Shelton Abbey allows staff to check all visitors re identification, and also allows for the secure storage of visitors mobiles phones, handbags etc. in line with Irish Prison Service guidelines on security. There were 103 mobile phones confiscated, in total for the year.

Staff

The staffing compliment for Shelton Abbey was 53 officers in total with transformation this figure is reduced to 48.5 Staff retired during the year, 1 Assistant Industrial Supervisor Post have remained unfilled.

Recreation

With the increase in capacity it was important that efforts were made to improve the recreational facilities available to offenders .Room space became available with re- location of the Tuck Shop. The room was refurbished and set it up as a pool and darts room. This has proved to be popular with offenders during the evenings and at weekends. A fully equipped Gym which is open 7 days per week and managed by 2 qualified Gym Officers. Inmates attend Coral leisure Centre in Arklow on a weekly basis where offenders are taught to swim, play indoor soccer, squash and raquetball. F.A.I. Soccer Skills Course are provided in Shelton Abbey with a Soccer Coach to facilitate said course on 1 afternoon per week.

There are regular Bingo sessions, Table Quiz`s (in conjunction with the Education Unit), Card Drives, Dart Competitions, Soccer Tournaments and Pool Competitions for offenders.

Welding

In 201 we started to replace the iron works on the rose garden and made an arched gate along by the bridal path. All works including the painting of the iron works is being carried out on the farm workshop by inmates who have been trained in welding workshops in closed prisons.

Car valeting

All Shelton Abbey vehicles continue to be valetted on the farm in the workshop using the specialist tools and machinery

Retirements of V C Members

Mr Sheridan retired on 17/02/12

Appointment of new VC Members

Mr Gerry Delaney.	23/01/12	-	22/01/15
Mr Thomas Gregan	15/02/12	-	14/02/15
Ms Margaret Short	15/02/12	-	14/02/15
Mr Richard Codd	21/02/12	-	20/02/15

Signatures:

Mr Thomas Gregan (Chairperson) _____

Mr Gerry Delaney. _____

Ms Margaret Short. _____

Mr Richard Codd. _____

Tuarascáil Bhliantúil Choiste Cuairte Theach na gCanónach 2012

Is cúis áthais do Choiste Cuairte Theach na gCanónach a thuarascáil don bhliain 2012 a chur i láthair.

D'imir an Coiste Cuairte ról gníomhach i saol an Ionaid agus, faoi chathaoirleacht an Uasail Thomas Gregan, tháinig sé le chéile ar 12 ócáid le linn na bliana. Agus é ina chathaoirleach, d'fhreastail an tUas. Gregan ar chruinnithe Cathaoirligh i roinnt príosúin éagsúla eile i rith na bliana. Éascaíodh baill i dtaca lena gcruinnithe agus lena gcuartheanna rialta. Ní dhearna aon chiontóir ar bith iarratas chun bualadh leis an gCoiste Cuairte i rith na bliana. Ní raibh ach ceathrar Ball ar an gcoiste agus tá triúr ball ag teastáil uainn chun córam a bhunú. D'iarr an cathaoirleach tuilleadh ball don choiste.

Comhairleoir Andúile

Leanann an Comhairleoir Andúile ar aghaidh le bheith an-éifeachtach maidir le nascadh le ciontóirí a bhfuil fadhbanna Andúile acu a chimítear anseo.

Lónadóireacht

Leanadh ar aghaidh le hoiliúint a chur ar ár bhfoireann Lónadóireachta agus ar chiontóirí araon. Bhí triúr ciontóirí déag san iomlán fostaithe go laethúil inár gcistin agus ghlac siad páirt mhór in ullmhúchán bia, i dtaifid, i nglantachán, i bhfreastal etc. Rinneadh iniúchadh seachtrach ar ár seirbhísí lónadóireachta i mí Iúil. Baineadh toradh an-dearfach amach nuair a choinnigh an Chistin an comhartha Q.

Séiplíneacht

Chuir an tSiúr Pat Egan cúram spioradálta ar fáil do chiontóirí i rith na bliana agus d'fhreastai sí ar an Ionad 3 lá in aghaidh na seachtaine agus ar mhaidineacha Domhnaigh. D'éascaigh an tAthair Crossan an tSeirbhís Dhomhnaigh.

Teach Abhóca

Leanann Teach Abhóca de bheith ag oibriú ar bhealach a chuireann éiteas Theach na gCanónach chun cinn. Bogann ciontóirí ar aghaidh chuig an gcóiríocht cillín en suite aonair ón bpríomhtheach i bhformhór na gcásanna. Mar sin féin, déantar ciontóirí cáis speisialta a aistrefar go díreach isteach i dTeach Abhóca ón bpríosún aistrithe a chur san áireamh. I measc samplaí den chatagóir seo de chiontóir, tá ciontóir atá ag cur isteach pianbhreith saoil agus ciontóirí eile fadtéarmacha.

Bóthar:

Chuir Teach na gCanónach an coraintín ar fáil do na gabhair do Bhóthar arís eile i 2012. Tháinig 300 gabhar ó Phoblacht na hÉireann agus ó Thuaisceart Éireann go Teach na gCanónach idir an 18/10/2011 agus an 20/10/2011. Tugann áitritheoirí a oibríonn ar an bhfeirm faoin gcúram ar fad do na gabhair faoi mhaoirseacht tréidlianna ón Roinn Talmhaíochta a thagann chun iniúchadh a dhéanamh ar na gabhair agus a dhéanann maoirseacht ar na gabhair agus iad á ndílódáil lena n-easpórtáil. Easpórtáladh na 300 gabhar ar an 17/11/2011 nuair a d'fhág siad Teach na gCanónach agus nuair a thosaigh siad a dturas 85 uair go hUganda. Iompraíodh iad ar bhóthar go Ros Láir ar dtús agus ansin ar farraige go dtí an Fhrainc, áit inar dílóidáil iad in ionad mór ar feadh 48 uair. Athlóidáiltear iad ina dhiaidh sin agus iompraítear iad ar bhóthar go hAerfort Amstardam, áit ina lóidáiltear iad i gcliathboscaí, 50 gabhar an ceann, agus ina gcuirtear iad mar chuid de lasta ar eitleán don eitilt ocht n-uaire go hUganda.

Fuarthas 21 lao ar an bhfeirm i mí an Mhárta 2011. Tá na háitritheoirí ag freastal orthu anseo faoi láthair. Béarfaidh siad freaslannaigh ó mhí an Mheithimh ar aghaidh agus easpórtálfar iad i mí Dheireadh Fómhair. Ar an 27/10/2011 easpórtáladh 20 lao bhaineanna chuig dílleachtlann sa Rómáin. Ar an 12/10/2011, reáchtálar lá oscailte


do Bhóthar, agus tugadh cuireadh do na feirmeoirí a dheonaigh na laonna teacht ar ais chun a laonna a fheiceáil sula n-easpórtálfai iad. Bhí sé mar onóir dúinn go raibh an Dochtúir ón dílleachtlann ghlactha sa Rómáin i láthair chun na Bodóga a ghlacadh agus bhí sé iontach an difríocht a dhéanfadh Bodóga Theach na gCanónach do shaolta an oiread sin daoine sa Rómáin a chloisteáil lenár gcluasa féin.

Plandaí Ceapaí:

Tugadh plandaí ceapaí isteach sa pholathollán ar sheachtain 9, ar sheachtain 11, ar sheachtain 13 agus ar sheachtain 17. Chuir áitritheoirí na plandaí ceapaí uile agus thug siad aird do na plandaí sa pholathollán trí uisce a chur orthu, trí iad a leasú agus trí iad a chruachan sular díoladh iad. Díoladh na plandaí ceapaí le Príosún Mhuinseo, le Príosún Chnoc an Arbhair, le Lárionad le Dóchas, le Príosún Naomh Pádraig agus le Príosún Chnoc na Seamar. Fuair roinnt carthanais áitiúla bláthanna thar ceann an Ghobharnóra freisin. Tugadh plandaí ceapaí geimhridh isteach sa pholathollán i mí Mheán Fómhair freisin agus cuireadh a riachtanais cheapaí geimhridh ar fáil do na Príosúin i mBaile Átha Cliath.

Staitisticí maidir le Ciontóirí

Aistríodh 212 ciontóir isteach i dTeach na gCanónach i 2012. Bhí méadú de 115 leaba ar líon na leapacha, i gcomparáid leis an bhfigiúr ag an 01.10.12. D'éalaigh 24 ciontóir ó Theach na gCanónach i 2012, i gcomparáid leis na 45 ciontóir a d'éalaigh i 2011. Féach an Chairt faoi iamh



Fuair ochtar ciontóirí fostaíocht sheachtrach go háitiúil ar bhonn Scaoilte Laethúil Shealadaigh. Bhí seisear eile fostaíthe go háitiúil ar bhonn páirtaimseartha/ séasúrach.

Gníomhaíochtaí Oideachais i 2012

Bhí seirbhísí oideachais curtha ar fáil ag an gcoibhéis de 7.4 mínteoir lánaimseartha. D'oibrigh an t-ionad Oideachais le linn an ghnáthfhéilire acadúil, mar aon le clár Samhraidh a rinneadh le linn mhí an Mheithimh agus mhí Iúil. Bhí ranganna ar siúl ó

9.30 - 12.30, 2.15-4.15, agus, ina theannta sin, rinneadh ranganna oíche gach tráthnóna idir an Luan agus an Déardaoin ó 4.30 - 6.30/7.30.

B'ionann líon iomlán na gciontóirí a bhí cláraithe le haghaidh cúrsaí oideachais i 2012 agus 234 ciontóir.

Teideal an Chláir:	Tréchur i 2012:	Nótaí Tráchtá:
Láimhseáil feirge	14	Atreoruithe ó sheirbhísí promhaidh etc
Treoir agus Comhairleoireacht d'Aosaigh	69	Cúrsa Oideachais
Clár samhraidh Réamh-Scaoilte	5	Cúrsa Oideachais
Clár ESOL	11	Ranganna Béarla do mhic léinn nach náisiúnaigh iad
ABE	41	Bunoideachas (Litearthacht 1-1, grúpaí beaga)
Cúrsaí na hOllscoile Oscailte a leanadh;	4	Chuir beirt i gcrích é, cuireadh beirt ar ais go dtí príosúin eile
Scaoileadh lae go dtí cúrsaí Coláiste	1	Cúrsa amháin ar siúl

Gairmoiliúint i 2012

Teideal an Chúrsa	Tréchur	Creidiúnaithe
Oiliúint Forcardaitheora	4	4 cinn
Tástáil Teoirice Tiomána	41	Bhí 14 cinn creidiúnaithe
Láncheadúnas Tiomána	3 (Trucail) 2 (carr)	Bhí

Gníomhaíochtaí Allamuigh

D'fhreastail grúpa de sheisear ciontóirí déag ar Ionad Fóillíochta an Inbhir Mhóir le haghaidh cúrsaí snámha in éineacht leis na múinteoirí corpoideachais agus le hOifigeach. Reáchtáladh dhá sheisiún rialta sacair in aghaidh na seachtaine, iad cóitseáilte ag an múinteoir corpoideachais, ag Oifigeach Aclaíochta agus ag cóitseálaí de chuid Chumann Peile na hÉireann (FAI).

Cuireadh siúlóidí seachtainiúla foraoise ar siúl ar thráthnóna an Aoine. I mí an Mheithimh agus i mí Iúil, chuaigh grúpa de cheathrar ciontóirí déag ag cnocadóireacht ar thrí ócáid, in éineacht le hOifigeach agus le beirt mhúinteoirí corpoideachais. Imríodh Leadóg agus Eitpheil, agus thug "Comórtas Leadóige Theach na gCanónach", ar éirigh go geal leis, an clár samhraidh corpoideachais chun críche.

Creidiúnú FETAC

<u>Teideal an Chúrsa</u>	<u>Tag.</u>	<u>Leibhéal</u>	<u>Meith.</u>	<u>Samh.</u>
Línitheoireacht Ríomhchuidithe	A20012	5	6	1
Do Ghnó Féin a Chur ar Bun	B20153	5	2	5
Cumarsáid	G20001	5	3	-
Garchabhair Oibre	D20188	5	8	-
Ceardaíocht Adhmaid	A10203	4	9	1
Corpacmhainn ar son na Sláinte	D10123	4	8	-
Feidhmchláir Ríomhaireachta	B10009	4	4	4
Matamaitic	C10139	4	1	-
Cumarsáid	(510001	4	-	2
Teicnící Líníochta	3N0581	3	11	-
Matamaitic	3N0929	3	-	3
Iomlán			52	16
Cúrsaí deimhnithe eile a críochnaíodh		Deimhniú a baineadh amach		
F.S.A.I. (An tÚdarás Sábháilteachta Bia)	Oiliúint Ionduchaithe	18		
An Ardteistiméireacht, scrúduithe a rinneadh	Stair	2		
E.C.D.L.	Críochnaíodh níos mó ná 4 mhodúl	3		
Cúrsaí Ríomhaireachta E.C.D.L.	Críochnaíodh an Teastas iomlán	5		

Tionscadail Samhraidh;

Bhí an tionscadal samhraidh **Dealbhóireachta Adhmaid** don bhliain seo críochnaithe ag gach duine de na deichniúr mac léinn ar an gcúrsa in éineacht lenár múinteoir Dealbhóireachta Adhmaid. Rinne daoine tionscadail snoíodóireachta rilífe a dhearadh agus a chríochnú.

Sláinte agus Garchabhair Phobalbhunaithe (CBHFA)

Cur chuige de chuid na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg i leith pobail agus oibríthe deonacha ar fud an domhain a chumhachtú chun aird a thabhairt dá sláinte is ea Sláinte agus Garchabhair Phobalbhunaithe (CBHFA).

Clár arna fhorbairt ag Cros Dhearg na hÉireann is ea CBHFA i bPríosúin, agus cuirtear é chun feidhme i roinnt Príosúin na hÉireann mar chomhpháirtíocht idir Cros Dhearg na hÉireann, an VEC agus an IPS.

Ba é 2012 an tríú bliain ina raibh clár CBHFA ar siúl i dTeach na gCanónach, agus chuir na hoibríthe deonacha (na príosúnaigh), i gcomhar leis an gcuid eile

den phobal, tús le cuid mhór tionscadail nua. I measc bhuaicphointí na bliana, bhí:

- Tugadh clár athchúrsála isteach
- Oiriúnaíodh do ghrúpa nua comhshaoil (i gcomhar le comhairleoirí) do chimithe nua.
- Leabhrán ionductaithe do chimithe nua
- Feachtais feasachta sláinte i leithris, i gcithfholcadáin agus sa spórtlann.
- Nuachtlitir Chros Dhearg na hÉireann.
- Ghlac oibrithe deonacha Chros Dhearg na hÉireann de chuid Theach na gCanónach páirt in “Cur i Láthair Chlár Príosúin CBHFA os comhair Thoscairí Idirnáisiúnta na Croise Deirge” i mí Dheireadh Fómhair 2012 ag Príosún Chruithneachtáin.
- Cóisir Nollag don Ghrúpa Gníomhaíochta Lucht Scoir áitiúil

Cúram Sláinte

Freastalaíodh go maith ar riachtanais na gciontóirí le linn na bliana agus níor tháinig aon teagmhais as ar eascair imní chun cinn. Tagann Dochtúir áitiúil ar chúig mhaidin in aghaidh na seachtaine ar feadh tréimhse dhá uair. Lasmuigh de na hamanna sin, tagann an Dochtúir nuair is gá i gcás éigeandála. Freastalaítear ar riachtanais fiacla agus optúla na gciontóirí trí choinne i mbaile an Inbhir Mhóir. Tá an fhoireann Cúraim Sláinte comhdhéanta de bheirt Oifigeach Altra atá ar an uainchlár ceann i ndiaidh a chéile ó 8am go dtí 8pm, 7 lá in aghaidh na seachtaine.

Leabharlann

Tá an Leabharlann ar oscailt 10 n-uair in aghaidh na seachtaine mar seo a leanas

An Mháirt 10.00 am -12.00pm

An Chéadaoin 10am-12.00pm

An Déardaoin 9.30am 10.30am, 11.00am-12.00pm agus 5.00pm-7.00pm

An Aoine 5.00pm-7.00pm.

Síceolaíocht

Níl aon Síceolaí lánaimseartha againn ó chailleamar ár Síceolaí deireanach i mí Dheireadh Fómhair 2010. Ní mór dúinn brath ar Shíceolaithe eile le teacht anseo ó Phríosúin eile de réir mar is gá.

An tSeirbhís Promhaidh

Lean ár Seirbhís Promhaidh ar aghaidh le bheith ag oibriú ar sheachtain cúig lá. Chuir an tSeirbhís Promhaidh seirbhís iomlán ar fáil dár gciontóirí uile le linn na bliana agus d’imir sí ról gníomhach in obair ildisciplíneach agus, i gcomhpháirtíocht leis na seirbhísí eile, sheachaid sí cláir agus tionscnaimh athshlánaithe do chiontóirí.

Seirbhísí Eile Slándáil

Lean CCTV agus Doirse Seachtracha faoi Aláram ar aghaidh le cúnaimh breise a chur ar fáil maidir le slándáil laistigh de Theach na gCanónach. A bhfuil leis an mBoth Scagtha Slándála ag an mbealach isteach chuig Teach na gCanónach, is féidir leis an bhfoireann na cuairteoirí uile a sheiceáil i gcomhair aitheantais, agus fágann sé gur féidir fóin phóca, málaí láimhe etc. de chuid cuairteoirí a stóráil go sábháilte i gcomhréir le treoirlínte slándála Sheirbhís Príosún na hÉireann. Coigistíodh 103 fón póca san iomlán sa bhliain.

Foireann

Ba é an líon foirne do Theach na gCanónach ná 53 oifigeach san iomlán. Tar éis

claochlaithe, laghdaíodh an líon sin go 48 oifigeach. Chuaigh cúigear ball foirne ar scor le linn na bliana, agus tá post amháin mar Mhaoirseoir Tionsclaíoch Cúnta fós fágtha gan líonadh.

Áineas

Mar gheall ar an méadú ar an líon ciontóirí, bhí sé tábhachtach go ndéanfaí iarrachtaí chun feabhas a chur ar na háiseanna áineasa a bhí ar fáil do chiontóirí. Bhí spás seomra ar fáil mar gheall ar athlonnú an tSiopa Milseáin. Athchóiríodh an seomra agus bunaíodh é mar sheomra púil agus dairteanna. Bíonn an-tóir ag ciontóirí air sa tráthnóna agus ag an deireadh seachtaine. Tá Spórtlann lánfheistithe ar oscailt 7 lá in aghaidh na seachtaine agus tá sí á bainistiú ag beirt Oifigeach Aclaíochta cáilithe. Freastalaíonn na háitritheoirí ar ionad fóillíochta Coral san Inbhear Mór ar bhonn seachtainiúil, áit ina dteagasctar snámh do chiontóirí agus ina n-imríonn ciontóirí sacar, scuais agus leadóg. Cuirtear Cúrsa Scileanna Sacair F.A.I. ar fáil i dTeach na gCanónach agus éascaíonn Cóitseálaí Sacair an cúrsa sin tráthnóna amháin in aghaidh na seachtaine.

Bíonn seisiúin rialta Bhiongó, Tráthanna na gCeist Boird (i gcomhar leis an Aonad Oideachais), Tiomáintí Cáartaí, Comórtais Dairteanna, Comórtais Sacair agus Comórtais Phúil do chiontóirí.

Táthú

I 2011, thosaíomar ag athsholáthar na n-oibreacha iarainn ar an ngairdín rósanna agus rinneamar geata stuach in aice leis an gcosán marcaíochta. Tá na hoibreacha uile, lena n-áirítear péinteáil na n-oibreacha iarainn, á ndéanamh ar an gceardlann feirme ag áitritheoirí ar cuireadh oiliúint orthu i gceardlanna táthaithe i bpríosúin dhúnta.

Sciomradh gluaisteáin

Leanadh ar aghaidh le gach feithicil Theach na gCanónach a sciomradh ar an bhfeirm sa cheardlann trí úsáid a bhaint as na huirlisí agus as an innealra speisialaithe.

Scoir Bhaill an Choiste Cuirte

Chuaigh an tUas. Sheridan ar scor ar an 17/02/12

Ceapacháin Bhaill nua an Choiste Cuirte

An tUas. Gerry Delaney.	23/01/12	-	22/01/15
An tUas. Thomas Gregan	15/02/12	-	14/02/15
Margaret Short Uas.	15/02/12	-	14/02/15
An tUas. Richard Codd	21/02/12	-	20/02/15

Sínithe:

An tUas. Thomas Gregan (Cathaoirleach) _____

An tUas. Gerry Delaney. _____

Margaret Short Uas. _____

An tUas. Richard Codd. _____